# An Gael Óg


NUACHTLITIR NA GAEIL ÓGA
Cumann Lúthchleas Gael Lán-Ghaeilge Bhaile Átha Cliath

**Eagrán 6, go Samhain 2012**

## Fáilte

Fáilte romhaibh ar ais a chairde, seo cuntas ar ar tharla le tamall de mhíonna anuas. Má tá spéis agat imirt linn nó tacaíocht a thabhairt dúinn is féidir sin a dhéanamh ach teagmháil a dhéanamh linn thíos. Tuilleadh eolais ar www.nagaeiloga.ie Buíochas le baill an chumainn a chur ábhar ar fáil dó seo. Fáilte mhór roimh bhaill úra I gcónaí!

Eoin P. Ó Murchú
cumannclg@gmail.com
086 1954176




## Mórdhinnéar na Bliana

Beidh Mórdhinnéar na Bliana, Na Gaeil Óga, ar siúl san Óstán Davenport arís i mbliana, Dé Sathairn, 17 Samhain 2012 ag 7.30. €40 atá ar na ticéid. Is deis iontach atá ann don cheithre fhoireann ceiliúradh a dhéanamh ar bhliain éachtach don chumann. Bígí linn!

## Cluiche Ceannais Coirn

D'imir NGÓ in éadan Ghearaltaigh Uí Mhóráin ar an Domhnach 11 Samhain. Beidh tuilleadh eolais air seo sa chéad nuachtlitir eile.

## Scéalta ón gCoiste

Tá Ruadhán Ó Feinneadha ceaptha mar rúnaí anois in áit Shane Uí Fhaoláin. Go n-éirí le Shane ag taobh eile an domhain! Beidh Cruinniú Ginearálta Bliantúil ar siúl go luath.



Grúpa de Na Gaeil Óga a chaith lá eachtraíochta in Ionad Eachtraíochta Chip Iúir le deireanas.

## Foireann na mban-Súil Siar is chun Tosaigh!

Paula Melvin

Bhí neart deora á shileadh nuair a d'fhógair Shane Ó Faoláin agus Dára Ní Lóiste le déanaí go raibh siad ag dul chun na Nua-Shéalainne ar feadh bliana. Níl aon dul as, tá bróga ollmhóra le líonadh ag Frank Ó Tormaigh agus ag Tommy Konstantin mar bhainisteoir agus mar thraenáilí fhoireann na mban. Táimid uilig thar a bheith buíoch do Shane as ucht an éacht atá déanta aige agus guíonn muid gach ráth ar Shane agus Dára. Táimid thar a bheith bródúil asainn féin tar éis dúinn cluiche leathcheannais den chorn a bhaint amach agus muid inár gcéad bhliain agus an chaoi gur thaispeáin muid do fhoireann na bhfear conas peil a imirt ag Comórtas Peile na Gaeltachta i nGaoth Daobhair Beidh oidhreacht iontach ag Shane go luath nuair a bhainfidh muid Comórtas Peile na Gaeltachta, an Corn agus gach rud eile amach i 2013. Táimid ag traenáil sa bháisteach cheana féin ar mhaithe le seo a bhaint amach...bail ó Dhia orainn!!

## Foireann B na bhFear- Súil Siar is chun Tosaigh!

Aindriú Ó Maoilchéire

Bliain dearfach a bhí sa chéad bhliain do fhoireann B Na Gaeil Óga. Eagraíodh an dara foireann chun aghaidh a thabhairt ar an linn tallann méadaithe ar thaobh pheil na bhfear sa chlub, mé fhéin i measc na núíosach i mbliana. Tháinig neart ar an bhfoireann ó thaobh doimhneacht de réir mar a d'imigh an séasúir ar aghaidh. Tá spiorad agus muintearas san fhoireann tar éis teacht i bhfad ó thosaíomar ag imirt lena chéile freisin, agus tháinig forbairt air seo nuair a thosaíomar ag traenáil ar leith don fhoireann B. Cé is moite de sin, ciorcal sóisialta iontach a bhí san fhoireann do na leaideanna go léir, ach go háirithe do bhall nua sa chlub ar nós mé fhéin! Is dóigh gur an cluiche ab fhearr gur imríomar ná i gcoinne Chábán tSíle sa chraobhchomórtas. Roinnt maith pointí ar chúl faoi dheireadh an chéad leatha, throideamar ar ais agus bhí mí-ádh orainn an cluiche a chailliúint le beagáinín cúilín idir an dá fhoireann. Bhí an t-uafás dul chun cinn déanta ag baill áirithe den fhoireann i dtaobh scileanna peile faoi dheireadh na bliana. Sampla iontach de seo ná Óisín Ó Cualáin. Bhí ascnamh Óisín léirithe nuair a

d'imir sé i gcluiche na foirne A i gComórtas Peile na Gaeltachta! Cé gur mór an trua nár bhaineamar amach an oiread toradh dearfach is gur mhian linn, táimid ag súil go mór le breis-imreoirí, ullmhúcháin agus torthaí níos fearr an bliain seo chugainn


*Torthaí*

Foireann B i gcoinne Ghaeil Naomh Shéamais. Scór deiridh 3-17 go 1-4 NGÓ

## An Stail Ghaelach




Comhghairdeachas le hAindriú Ó Faoláin an chéad Stail Ghaelach ag Na Gaeil Óga! Míle buíochas le chuile dhuine a bhí i gClub Chonradh na Gaeilge ar an oíche agus moladh mór ag dul don dream a d'eagraigh an comórtas, ach go háirithe do Phaula Melvin a rinne scothobair dó agus ar an oíche féin! Maith sibh Caroline agus na leaideanna ar fad ó Na Gaeil Óga CLG agus eile a ghlac páirt sa chomórtas. Míle buíochas le hAodhán Ó Deá agus Club Chonradh na Gaeilge as an obair ullmhúcháin ar fad, an córas fuaime agus na bileoga eolais snasta a sholáthar freisin.




## Iománaíocht leis Na Gaeil Óga!!

Tá traenáil iomána ag dul ar aghaidh faoi stiúir Aodáin Uí Cheallaigh is Choilm Mhic Shéalaigh in ionad Chroimghlinne Aontaithe. Fáilte roimh dhaoine nua i gcónaí. Tá na bunscileanna ar filleadh orainn de réir a chéile! Dóibh siúd go bhfuil spéis agaibh san iomáint, tá roinnt margaí maithe anseo https://www.facebook.com/seosamh.hurleyrepairs agus seirbhís as Gaeilge, leis.

**Tuilleadh eolais**:

Aodán Ó Ceallaigh 087 9351287

## Foireann na mBan - Torthaí

30 Lúnasa

Mí-ádh le foireann na mban. Cumann an Cloigthí a bhuaigh 3-5 go 1-10. Beidh lá eile acu! D'imir siad ar fheabhas, agus bhí an t-ádh le Cumann an Cloigthí . Bhí ár gcaighdeán peile i bhfad níos fearr. Maith sibh a chailíní!

15 Lúnasa

Na Gaeil Óga 2-5 -v-3-7 ag Baile Bachaille.

21 Lúnasa

D'imir foireann na mban gcoinne Naomh Olaf, cluiche craoibhe as baile in Áth an Ghainimh. Ainneoin an cluiche a bheith gearr go maith ag druidim leis an deireadh.

18 Iúil

Bua maith ag foireann na mban anocht, 2-12 go 2-2 i gcoinne Chluain Dolcáin. Beidh na mná ag imirt sa chluiche leathcheannais sa Chorn anois.

Bua ag Foireann na mBan 1-19 go 0-1 i gcoinne Naomh Jude anocht. Comhghairdeas leo!

5 Iúil

Bhuaigh na mná a gcluiche cairdiúil 3-10 go 2-1 i bPáirc an Fhionnuisce. Maith iad!

## Foireann na bhFear 1

Na Gaeil Óga (fir) ag Comórtas Peile na Gaeltachta 2012, Gaoth Dobhair.

Cúl (ó chlé go deas): Harry Mac Eochaidh, Rónán Ó Dálaigh, Conchúir Ó Cairbre, Shane Ó Faoláin, Fiachra Ó Brolcháin, Oisín Ó Cualáin, Aindriú Ó Faoláin, Diarmaid Ó hAinfidh, Fran Ó hAodha, Mícheál Ó Nualláin, Joe Griallais, Ciarán Mac an Bhaird, Ruadhán Ó Feinneadha, Domhnall Ó Cléirigh, Eoghanaí Mac Aodha, Aodán Ó Ceallaigh, Nollaig Ó Dúgáin, Daithí de Buitléir.

Chun tosaigh: Marcas Ó Léanacháin, Irial Ó Ceallaigh, Aindriú Ó Maoilchéire, Eoin Ó Murchú, Frank Ó Tormaigh, Cian Ó Fiaich, Seán Ó hAdhmaill, Joe Ó Ceallaigh, Cormac Ó Feinneadha, Cóilín Ó Cearbhaill, Aodhán Ó Deá, Ciarán Ó Feinneadha.



## Sraith a 10 Theas Buaite ag na Gaeil!

Tá sraith a 10 theas buaite ag Na Gaeil Óga! Cluiche gearr go maith den chuid is mó in éadan Chroí Ró Naofa, scór deiridh 5-12 go 2-4. An-taispeántas ó gach duine, moladh mór do na himreoirí agus traenálaithe.



Míle buíochas le gach duine, Ciarán Ó Feinneadha, Marcas Ó Léanacháin agus PJ Mac Gabhann ach go háirithe as a gcuid oibre is dúthrachta i mbliana!

Dúirt Daithí de Buitléir, Cathaoirleach Na Gaeil Óga agus imreoir leis an bhfoireann: "Táimid an-sásta gur éirigh linn an tsraith a bhuachan. Seo an chéad chéim i dtógáil an chumainn seo agus an chéad lá de laethanta rathúla amach romhainn. Tá an-chreidiúint ag dul do Mharcas Ó Léanacháin, príomhthraenálaí na foirne, na himreoirí féin is gach aon duine a chabhraigh linn i mbealach amháin nó eile ó bunaíodh an cumann."

Dúirt Ciarán Ó Feinneadha, bainisteoir na foirne: "Lá stairiúil é don chlub, nár bunaíodh ach bliain go leith ó shin, agus tá gaisce déanta ag na himreoirí agus lucht traenála."

Buíochas le Pól Ó Murchú as na grianghraif den chluiche an lá cheana.

**<u>Foireann 1 Torthaí</u>**

PJ Mac Gabhann

Baile Baodáin Naomh Éanna v Na Gaeil Óga, 01.07.2012

Tús luath ag Na Gaeil Óga (09.40!) maidin Dé Domhnaigh amuigh sa tSeanchúirt i mBaile Baodáin toisc peileadóirí Átha Cliath ag imirt i gcoinne Loch Garman an tráthnóna céanna i gcluiche leathcheannais Laighean i bPáirc an Chrócaigh. Maidin bhreá ach gaoth láidir ann. Agus is le cóir na gaoithe a d'imir na Gaeil Óga sa chéad leath. Drochthús ceart ag na Gaeil áfach i ndiaidh dúinn cúl a scaoileadh isteach sa chéad cúig nóiméad!

Ach níor thóg sé i bhfad orainn socrú síos ina dhiaidh sin, go háirithe Ciarán Mac an Bhaird agus Frank Ó Tormaigh a fuair an lámh uachtair i lár na páirce mar aon le Shane Ó Faoláin a thug an-taispeántas peile uaidh sa líne lántosach, agus d'éirigh linn ocht gcúilín a aimsiú in aghaidh fhir Bhaile Baodáin idir sin agus leath-am.

Scór ag leath-am: Baile Baodáin 1-02 v Na Gaeil Óga 0-08.

Níorbh aon ionadh é má bhí brú damanta ar chúlaithe na nGael Óga sa dara leath.

Agus buntáiste na gaoithe acu, bhí fir Bhaile Baodáin ar a ndícheall an liathróid fhada a chur caol díreach isteach chuig an líne lántosach agus chruthaíodar deiseanna scórála go leor.

D'éirigh leis an bhfoireann bhaile an dara cúl a scóráil agus bhí gach cuma ar an scéal go mbeadh rith an rása leo. Ach níor ghéill na Gaeil! D'aimsigh Stephan Ó Flaitheartha cúl gleoite, cúl a thug an-uchtach dúinn, agus cúilín ina dhiaidh sin agus chuir sé sin deireadh leis an gcluiche.

Scór deiridh: Baile Baodáin 2-06 v Na Gaeil Óga 1-12

Na Gaeil Óga: Fran Ó hAodha, Mícheál Ó Nualláin, Joe Ó Ceallaigh, Eoin Ó Murchú, Domhnall Ó Cléirigh, Seosamh Mac Griallais, Dónal Ó Cearbhaill, Ciarán Mac an Bhaird, Frainc Ó Tormaigh, Daithí de Buitléir (Ruadhán Ó Feinneadha), Harry Mac Eochaidh, Stephan Ó Flaitheartha, Seán Ó hAdhmaill (Irial Ó Ceallaigh), Ciarán Mac Fhearghusa, Shane Ó Faoláin.

Stephan Ó Flaitheartha (1-02), Harry Mac Eochaidh (0-03), Shane Ó Faoláin (0-02), Ciarán Mac Fhearghusa (0-02), Frank Ó Tormaigh (0-01), Ciarán Mac an Bhaird (0-01), Seán Ó hAdhmaill (0-01).

<u>15 Iúil</u>

Bhí bua maith ag Foireann A ag inniu in éadan Naomh Finnéin, An Caisleán Nua (NGÓ 7-16 go 1-5 Naomh F). Bhí Na Gaeil údarásach go maith sa chéad leath, agus bhíodar 3-10 go 0-0 chun tosaigh ag deireadh na chéad leatha.

Tháinig Naomh Finnéin ar ais isteach sa chluiche sa dara leath, is iad a scóráil ar dtús, is d'éirigh leo cúl a ghnóthú, leis, a chuir cruth níos fearr ar chúrsaí. Bhí a chéad chluiche leis an bhFoireann A ag Aindriú Ó Maoilchiardha, go n-éirí leis! Fuair Domhnall Ó Cléirigh a chéad scór do Na Gaeil Óga inniu, cúl deas le cabhair Chiaráin Mhic Fhearghusa, Domhnall ag scoitheadh roinnt imreoirí is á cur isteach go híseal. Tá an fhoireann ag díriú anois ar na cluichí deireanacha a bheidh acu sa léig.

Scór deiridh: Naomh Finnéin, An Caisleán Nua 1-05 v Na Gaeil Óga 7-16

Na Gaeil Óga: Marcas Ó Léanacháin (Fran Ó hAodha), Mícheál Ó Nualláin, Joe Ó Ceallaigh, Eoin Ó Murchú (Aodán Ó Ceallaigh), Shane Ó Faoláin (Ruadhán Ó Feinneadha), Seosamh Mac Griallais, Dónall Ó Cearbhaill, Domhnall Ó Cléirigh, Frainc Ó Tormaigh, Daithí de Buitléir, Harry Mac Eochaidh, Irial Ó Ceallaigh, Seán Ó hAdhmaill (Aindriú Ó Maoilchiardha), Ciarán Mac Fhearghusa.

Scóráil: Harry Mac Eochaidh (2-06), Ciarán Mac Fhearghusa (2-03), Frainc Ó Tormaigh (1-01), Dónall Ó Cearbhaill (1-01), Shane Ó Faoláin (0-01), Domhnall Ó Cléirigh (1-00), Seosamh Mac Griallais (0-01), Seán Ó hAdhmaill (0-01), Daithí de Buitléir (0-01).

<u>17 Lúnasa</u>

Bua ag Na Gaeil Óga A in aimsir shalach anocht thar Naomh Colmcille Sord, sinn i gcluiche ceannais an Choirn anois, is cluiche amháin léige fós ann leis an léig a bhuachan (in éadan Chroí Ró Naofa ar an 16 lá déag).

2-12 in aghaidh 1-6 an scór a bhí ann sa chluiche idir NGÓ A agus Colmcille as Soird, dála an scéil.

## Ginearálta

Seo daoibh rud áisiúil. Leabhrán téarmaí Gaeilge

http://content.yudu.com/Library/A1x0g8/LeabhrnGaeilgeCLG/resources/index.htm?referrerUrl=http%3A%2F%2Ffree.yudu.com%2Fitem%2Fdetails%2F532569%2FLeabhr--n-Gaeilge-CLG

## Duais Bhus Átha Cliath




Bhuaigh Na Gaeil Óga €1,000 ar an gCéadaoin ó Thionscnamh Spiorad an Phobail, Bus Bhaile Átha Cliath, seo Eoin P. Ó Murchú is Ruadhán Ó Feinneadha ag casadh le Niall Quinn ag Teach an Ardmhéara.

## Suíomh agus teagmháil leis an gCumann

Is féidir coinneáil i dteagmháil linn ar ár suíomh, Facebook agus twitter leis an eolas is úire faoin gcumann a fháil. (eolas thíos)

Teagmháil Foirne;

Foireann 1 –
Ciarán Ó Feinneadha 087 2605789,

Foireann 2 –
Cóilín Ó Cearbhaill 086 8599067.

## Oireachtas

Scaipeamar cártaí gnó an chumainn ar mhic léinn ag Oireachtas na Samhna a bhí ar siúl i Leitir Ceanainn.

## Na Meáin

Bhí Ciarán Ó Feinneadha agus a athair faoi agallamh ar Raidió na Gaeltachta, luadar roinnt de na tograí éagsúla a raibh baint acu leo, ina measc an lámh a bhí ag Cathal i mbunú Na Fianna.

Tá 740 leantóir againn ar twitter, 400 ar facebook, bheimis fíorbhuíoch dá scaipfeadh sibh an scéal ar tuilleadh dúinn!

Bhí Eoin p. Ó Murchú ag caint le Cormac ó hEadhra ar an Samhradh Thoir ar Raidió na Gaeltachta.

Blag spóirt leánar mball agus cúntóir éachtach PJ Mac Gabhann ar @foinsenuachtan ar fáil anseo

http://www.foinse.ie/sport/blag-spoirt/4546-seanie-johnston


Gaelscéal
Ag Cothú Phobal na Gaeilge
29.08.2012
€1.65 (£1.50)
Uimh. 35

Ceachtanna le foghlaim ag na Gaeil ó chliseadh na gluaiseachta '*Occupy*' L.10

Oidhreacht Uí Choileáin - ní bheadh sé i bhFine Gael Enda ná i Sinn Féin ach an oiread! L.12

Guairdeall i gConamara Gallda L.24

www.gaelsceal.ie

**Mná Gaeltachta ag teastáil**

Ceist na mban le réiteach ar Bhord nua Údarás na Gaeltachta - cúigear ag teastáil?

Ar lean ar leathanach 2

**An Reabhlóid Abú!**

Tá Na Gaeil Óga, an t-aon chumann sa Chumann Lúthchleas Gael a fheidhmíonn trí Ghaeilge amháin i mBÁC tar éis chluiche deiridh na sraithe in éadan Chroí Ró Naofa a bhuachan 5-11 go 2-4, rud a fhágann gur iad buaiteoirí na sraithe, chun cinn ar Naomh Caoimhín Cillian. Níor buadh ar Na Gaeil in aon chluiche sa tsraith i mbliana agus ní raibh ach comhscór amháin ann. Tá tuairisc iomlán againn ar l. 20.

**Gaeilgeoirí ag fanacht 4 mhí níos faide!**

Feitheamh sé mhí don scrúdú tiomána Gaeilge ach feitheamh 8-10 seachtainí do cheann Béarla

Clúdach Gaelscéal tar éis ár mbua!




## Eolas/Clárú/Tacú

Twitter:@nagaeiloga
Facebook: Na Gaeil Óga CLG
www.nagaeiloga.ie
cumannclg@gmail.com
Na Gaeil Óga, 6 Sr. Fhearchair

## Slán

Go dtí an chéad eagrán eile, bígí go maith!